CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/319 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Feabhra 2023

lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag Poblacht na hIodáile de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm mhír 3(b), phointe 7.4.2.3., den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún maidir le 15 fheithicil V250 Italia/ETR700

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 875)

(Is é an leagan Iodáilise an t–aon leagan atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 7(4) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Meitheamh 2022, chuir an Iodáil iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.4.2.3, mír 3(b), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ([2]), lena gceanglaítear Bonnlíne 3 an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha (ETCS) a shuiteáil tar éis an 1 Iúil 2023 le haghaidh cineálacha feithicle a údaraíodh roimh an 1 Eanáir 2019. Cuireadh an iarraidh sin isteach ar bhonn phointe (c), Airteagal 7(1) de Threoir (AE) 2016/797, lena bhforáiltear go bhféadfaí neamhchur i bhfeidhm a bheith ann mar gheall ar an mbaol go gcuirfí isteach ar inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail. Baineann an iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm sealadach le 15 fheithicil V250 Italia/ETR700 nua lena ngabhann na huimhreacha aitheantais 4810, 4804, 4814, 4815, 4881, 4812, 4813, 4811, 4806, 4883, 4816, 4809, 4802, 4801, agus 4807, arna soláthar ag AnsaldoBreda S.p.A. Baineann na 15 fheithicil sin le flít 17 bhfeithicil V250 Italia / ETR700 ar le Trenitalia iad.

(2) Le pointe 7.4.2.3. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 bunaítear céim aistrithe chun an t-aistriú ó Bhonnlíne 2 ETCS go dtí Bonnlíne 3 ETCS a éascú. Leis sin féadfar Bonnlíne 2 ETCS a shuiteáil go dtí an 31 Nollaig 2020 maidir le feithiclí a áirítear i dtionscadail nó i gconarthaí ar cuireadh tús leo roimh dháta chur i bhfeidhm na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/919. Má úsáidtear an rogha maidir le Bonnlíne 3 a chur siar, áiritheofar leis an tionscadal go gcomhlíonfar sonraíochtaí #2 nó #3 a liostaítear i dTábla A2 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 laistigh de thréimhse ama nach rachaidh thar an 1 Iúil 2023.

(3) D'ordaigh Trenitalia na 15 fheithicil dá dtagraítear san iarraidh an 4 Lúnasa 2017 (uimhir chonartha 3807) mar chuid d'fhlít 17 bhfeithicil V250 a bhí le seachadadh idir Bealtaine 2019 agus deireadh 2020, is é sin faoin dáta deiridh a leagtar síos i mír 3(a), pointe 7.4.2.3, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919. Shuiteáil na 15 fheithicil sin Bonnlíne 2 ETCS agus údaraíodh iad i gcomhréir le húdarú cineáil feithicle roimh an 31 Nollaig 2020.

(4) Bhí ascnamh an fhlít ó Bhonnlíne 2 go dtí Bonnlíne 3 sceidealaithe le tarlú ar dtús i lár 2023 i gcomhréir le cothabháil agus oibríocht thráthrialta na bhfeithiclí laistigh den fhlít. Mar sin féin, bhí éifeacht dhíobhálach ag paindéim COVID-19 ar an bpróiseas chun na feithiclí atá i gceist a chothabháil ar bhonn sceidealaithe. Mar thoradh air sin, ba ghá pleanáil phróiseas cothabhála na bhfeithiclí sin a athsceidealú i ndiaidh an 1 Iúil 2023.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

([2]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1).

(5) Mura nglacfaí leis an iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm mhír 3(b), phointe 7.4.2.3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919, bheadh sé d'oibleagáid ar an oibreoir Bonnlíne 3 ETCS a shuiteáil sna 15 fheithicil, agus iad a chur as feidhm go sealadach níos faide ná an ghnáthchothabháil sceidealaithe. Bheadh tionchar eacnamaíoch ag an méid sin ar ioncam caillte toisc nach bhféadfaí an tseirbhís tráchtála sceidealaithe a chur ar fáil agus mar gheall ar chostais níos airde i leith oibríocht uasghrádúcháin lasmuigh den ghnáthghníomhaíocht chothabhála. Ina theannta sin, bheadh tionchar diúltach socheacnamaíoch aige ar chustaiméirí Trenitalia mar gheall go gcuirfí isteach ar an tseirbhís de dheasca na gníomhaíochta cothabhála lasmuigh den sceideal beartaithe.

(6) Tá gealltanas tugtha ag monaróir na 15 fheithicil, AnsaldoBreda, agus a n-úinéir, Trenitalia, do phlean innealtóireachta agus suiteála chun na feithiclí sin agus an flít atá fágtha a uasghrádú le trealamh infheithicle ó Bhonnlíne 3 ETCS nua. De réir na réamhaisnéise pleanála is déanaí a chuir siad ar fáil, ba cheart an t-uasghrádú go dtí Bonnlíne 3 ETCS a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

(7) Ní dhéanfaidh an mhoill san ascnamh difear don idir-inoibritheacht, toisc go bhfuil na feithiclí feistithe le Bonnlíne 2 ETCS cheana féin. Tá ETCS cois riain socraithe ag Bonnlíne 2 agus aistreofar é de réir a chéile go dtí Bonnlíne 3 go dtí 2026, de réir phlean náisiúnta cur chun feidhme ERTMS na hIodáile.

(8) Ar na cúiseanna sin, ba cheart a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c), Airteagal 7(1), agus 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta le haghaidh na 15 fheithiclí atá i gceist. Dá bhrí sin, i ndáil leis an iarraidh a chuir an Iodáil isteach nach gcuirfeadh sí mír 3(b), pointe sealadach 7.4.2.3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 i bhfeidhm maidir leis na feithiclí sin agus go gcuirfeadh sí an t-ascnamh ó Bhonnlíne 2 ETCS go Bonnlíne 3 faoin 31 Nollaig 2025 a chur siar, ba cheart glacadh leis an iarraidh sin.

(9) Thug an Iodáil gealltanas go gcuirfeadh sí an Coimisiún ar an eolas faoin bpleanáil agus faoin dul chun cinn maidir leis na feithiclí a uasghrádú faoin 31 Nollaig gach bliain.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis an iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm mhír 3(b), pointe 7.4.2.3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919, go dtí an 31 Nollaig 2025, iarraidh a chuir Poblacht na hIodáile faoi bhráid an Choimisiúin an 29 Meitheamh 2022, maidir le 15 fheithicil V250 Italia/ETR700 lena ngabhann na huimhreacha aitheantais 4810, 4804, 4814, 4815, 4881, 4812, 4813, 4811, 4806, 4883, 4816, 4809, 4802, 4801, agus 4807.

Airteagal 2

Cuirfidh an Iodáil an Coimisiún ar an eolas faoin bpleanáil agus faoin dul chun cinn maidir leis na feithiclí a uasghrádú faoin 31 Nollaig gach bliain.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo laistigh de theorainneacha geografacha ghréasáin iarnróid na hIodáile.

Airteagal 4

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún